# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2016

# Scéim Mharcála

# Gaeilge Chumarsáideach

## Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2016

# Gaeilge Chumarsáideach

(180 marc)

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. → | |
|---|---|
| **Nóta:** Caithfidh an marc thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *Treoracha Ginearálta*

**1.** Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →

**2.** Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1** **Cluastuiscint (75 marc)**
**Roinn 2** **Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3** **Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4** **Taighde (45 marc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| Taighde | |
| IOMLÁN | |



THALL →

30


# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [75 marc]

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint **faoi dhó**.


## **CEIST 1** (30 marc)


Éist leis an taifeadadh agus cuir **A**, **B**, **C** nó **D** sa bhosca cuí.

### Píosa a hAon


A



B



C



D


Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **A** = **[10 Marc]**

### Píosa a Dó


A



B


C



D

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **C** = **[10 Marc]**

### Píosa a Trí


A


B


C


D

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **B** = **[10 Marc]**

13

## **CEIST 2** (13 mharc)

Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

Cumann Óige

### CLUB ÓIGE NA FÉILE
### FOIRM IARRATAIS

IYHA an óige

**SLOINNE:**

| | | |
|---|---|---|
| Ní Riada | | |
| Ní Riain | X | = **[1 mharc]** |
| Ní Bhroin | | |

**AINM**: **Áine = [1 mharc]**

**AOIS:**

| | | |
|---|---|---|
| 18 | | |
| 17 | | |
| 16 | X | = **[1 mharc]** |

**SEOLADH**:

**Uimhir a cúig Sráid Eoin, = [2 mharc]**
**Baile Átha Cliath. = [2 mharc]**

**UIMHIR THEILEAFÓIN:**

| | | |
|---|---|---|
| 083 187432 | | |
| 085 632976 | | |
| 083 454428 | X | = **[2 mharc]** |



**DO ROGHA DHÁ SPÓRT:**

| | | |
|---|---|---|
| Camógaíocht | | |
| Cispheil | X | = **[2 mharc]** |
| Peil | | |
| Rugbaí | | |
| Galf | X | = **[2 mharc]** |

32

# CEIST 3 (32 marc)

Éist leis na comhráite seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Comhrá a hAon

**1.** Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?

| | | |
|---|---|---|
| In Óstán Bhóthar na Trá | | |
| In Óstán Uí Ghallchóir | X | = **[2 mharc]** |
| I Halla an Phobail | | |

**2.** Cén banna ceoil a bhí ag seinm?

*Little Mix* = **[2 mharc]**

**3.** Cé a chuaigh go dtí an cheolchoirm le Paidí?

***Chuaigh sé lena chara Pól.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cathain a chríochnaigh an cheolchoirm?

***Chríochnaigh an cheolchoirm ar a deich a chlog.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Dó

**1.** Cá bhfuil Seán ag dul?

***Tá sé ag dul go dtí an t- ionad siopadóireachta.*** = **[2 mharc]**

**2.** Cén aois a bheidh ag Áine Dé Máirt?

***Beidh sí naoi mbliana d'aois.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cén bronntanas a cheannóidh Seán d'Áine?

***Ceannóidh sé bróga nua di.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cén t-am a thosóidh an chóisir?

***Tosóidh an chóisir ar a cúig a chlog.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Trí

**1.** Cá raibh Pádraig ar saoire?

| | |
|---|---|
| I Maidrid | ☐ |
| I bPáras | **X** = **[2 mharc]** |
| I mBaile Átha Cliath | ☐ |

(2 mharc)

**2.** Conas a bhí an aimsir?

***Bhí an aimsir go breá.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cá raibh Pádraig ag fanacht?

***D'fhan mé in árasán le mo chlann, a Chaitríona.*** = **[2 mharc]**

**4.** What facilities were in the area?

***Bhí pictiúrlann, linn snámha agus leabharlann sa cheantar.*** = **[2 mharc]**

## Comhrá a Ceathair

**1.** Cén clár teilifíse is fearr le Cáit?

***Na Simpsons.*** = **[2 mharc]**

**2.** Cén carachtar is fearr le Cáit?

***Homer Simpson.*** = **[2 mharc]**

**3.** Cén fáth ar maith le Cáit an carachtar sin?

***Tá Homer Simpson, an-ghreannmhar.*** = **[2 mharc]**

**4.** Cathain a bhíonn 'Na Simpsons' ar siúl?

***Gach lá ar leathuair tar éis a sé, a Eoin.*** = **[2 mharc]**

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint** [30 marc]

## **CEIST 4** (15 mharc)

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Adele – Amhránaí Cáiliúil

Rugadh Adele Laurie Blue Adkins i Londain i 1988. Nuair a bhí Adele óg, chónaigh sí féin agus a máthair in áiteanna difriúla ar fud Shasana. Chuaigh sí ar bhunscoileanna difriúla. Deir sí féin go raibh níos mó suime aici an uair sin sa cheol ná san obair scoile.

Chríochnaigh Adele a cúrsa sa BRIT School for Performing Arts & Technology i mí na Bealtaine 2006. Bhí Leona Lewis agus Jessi J. sa rang céanna léi ansin. Tugann Adele moladh mór don choláiste sin. Is nuair a bhí sí ann a tháinig fás agus forbairt ar a tallann mar amhránaí agus mar scríbhneoir amhrán.

Tá trí albam cháiliúla curtha amach ag Adele. *19*, *21* agus *25* an teideal atá orthu. Bhí a cuid albam ag uimhir a haon i Sasana agus i Meiriceá níos faide ná albam aon mhná eile. Scríobh sí an t-amhrán 'Skyfall' don scannán James Bond, chan sí féin é agus fuair sí Oscar dá bharr. Tá a lán gradam eile buaite aici freisin.

Tá clú agus cáil ar Adele ar fud an domhain anois. Canann sí ag ceolchoirmeacha timpeall an domhain. Bhí dhá cheolchoirm aici i mBaile Átha Cliath i Márta 2016. Díoladh na ticéid go léir taobh istigh de chúpla nóiméad agus bhí gach ceolchoirm acu lán go doras.

### Ceisteanna

**1.** Cá háit ar rugadh Adele?

**Londain = [4 mharc]**

**2.** Scríobh síos rud **amháin** faoin gcoláiste ar fhreastail Adele air.

- **BRIT School for Performing Arts & Technology is ainm don choláiste.**
- **Bhí Leona Lewis sa rang céanna léin ansin.**
- **Bhí Jessi J. sa rang céanna léi ansin.**
- **Tugann Adele moladh mór don choláiste sin.**
- **Is nuair a bhí sí ann a tháinig fás agus forbairt ar a tallann mar amhránaí.**
- **Is nuair a bhí sí ann a tháinig fás agus forbairt uirthi mar scríbhneoir amhrán.** {Rud **amháin = [4 mharc]**}

**3.** Cén bhaint a bhí ag Adele le scannán James Bond?

- **<u>Scríobh</u> sí an t-amhrán '<u>Skyfall</u>' don scannán James Bond.**
- **<u>Chan</u> sí féin an t-amhrán '<u>Skyfall</u>' don scannán James Bond.**
- **<u>Fuair sí Oscar don amhrán 'Skyfall'</u> don scannán James Bond.**
  {Rud **amháin = [4 mharc]**}

**4.** Cé mhéad ceolchoirm a bhí ag Adele i mBaile Átha Cliath i Márta 2016?

**Bhí <u>dhá cheolchoirm</u> aici i mBaile Átha Cliath i Márta 2016. = [3 mharc]**

## CEIST 5 (15 mharc)

Léigh an litir seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** nó as **Béarla.**

5 Radharc na Farraige,
An tSráid Nua,
Gaillimh.
21 Aibreán 2016

An Bainisteoir,
Bialann na Farraige,
Gaillimh.

A chara,
Tá mé seacht mbliana déag d'aois. Tá mé ag freastal ar Phobalscoil Naomh Peadar agus Pól anseo i nGaillimh. Déanfaidh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach in 2016. Is mian liom cur isteach ar phost samhraidh i do bhialann. Chonaic mé an fógra sa *Galway Advertiser* an tseachtain seo caite. Tá taithí agam ar a bheith ag obair i mbialann.

Seol chugam foirm iarratais don phost, le do thoil.

Is mise le meas,

Cearúilín Ní Dhonncha.

### Ceisteanna

**1.** Cén seoladh atá ag Cearúilín Ní Dhonncha?

***5 Radharc na Farraige, An tSráid Nua, Gaillimh.*** **= [2+1+1] = 4 mharc]**

**2.** Cén scoil a bhfuil Cearúilín ag freastal uirthi?

***Phobalscoil Naomh Peadar agus Pól.*** **= [4 mharc]**

**3.** Cad a dhéanfaidh Cearúilín in 2016?

**Ardteistiméireacht Fheidhmeach. = [4 mharc]**

**4.** Cá bhfaca Cearúilín an fógra?

**Sa *Galway Advertiser.* = [3 mharc]**

# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga** [30 marc]

Le freagairt **i nGaeilge amháin**.
This section **must** be answered in **Irish**.

## **CEIST 6** (15 mharc)

Bhí tú ag **ceolchoirm** *nó* ag **cluiche peile**.
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin gceolchoirm *nó* faoin gcluiche peile.

Write in **Irish** about a **concert** *or* a **football game** that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An t-atmaisféar
- Duine cáiliúil a chonaic tú
- Rud éigin a tharla.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ábhar = 4 phointe = [2 mharc x 4] = [8 marc]**
**Gaeilge = [7 marc]**

**Ábhar = 8**
**Gaeilge = 7**
**[Iomlán = 15]**

## **CEIST 7** (15 mharc)

Tá tú ar saoire san Iodáil.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi na pointí seo:

- An áit
- An aimsir
- An bia
- Áiseanna
- Cathain a bheidh tú ar ais sa bhaile.

| | |
|---|---|
| **Ábhar = [6 mharc]**<br>3 Phointe Eolais = 6 mharc (2 mharc x 3 phointe)<br>**Gaeilge = [7 marc]** | **Foirmlí:**<br><br>**Ainm agus Sloinne = [1 marc]**<br>**Seoladh = [1 marc]** |

**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**Gaeilge = 7**
**[Iomlán = 15]**

# Roinn 4 – **Taighde** [45 marc]

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

**1.** Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.
**[0 / 2 / 4]**

(4 mharc)

**2.** **Where** did you get your information?
**[3 / 2 / 0]**

***(a)***

***(b)***
**[3 / 2 / 0]**

***(c)***
**[3 / 2 / 0]**

(9 marc)

**3.** What did you learn **about the topic you researched?**

*(a)* ______________________________________________

**[8 / 4 / 0]**

*(b)* ______________________________________________

**[8 / 4 / 0]**

*(c)* ______________________________________________

**[8 / 4 / 0]**

*(d)* ______________________________________________

**[8 / 4 / 0]**

(32 marc)

## CEIST 1

**Píosa a hAon**

Chuaigh Aoife agus Pádraig go dtí an trá Dé Domhnaigh seo caite. Bhí an lá go breá. Bhí picnic acu. D'ith siad ceapairí. D'ól siad uisce.

**Píosa a Dó**

Chuaigh Eimear agus Liam go dtí an Zú Dé Céadaoin seo caite. Cheannaigh siad ticéid ag oifig na dticéad. Chonaic siad a lán ainmhithe éagsúla.

**Píosa a Trí**

Beidh dioscó ar siúl i Halla na Scoile oíche Dé Sathairn seo chugainn. Tosóidh sé ar a naoi a chlog. Beidh DJ Joe ansin. Seinnfidh sé ceol dioscó.

## CEIST 2

Áine Ní Riain is ainm dom. Táim sé bliana déag d'aois. Táim i mo chónaí in uimhir a cúig Sráid Eoin, Baile Átha Cliath. Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 083 – 454 428. Imrím peil agus galf mar chaitheamh aimsire.

## CEIST 3

**COMHRÁ 1**

**Úna:** Conas atá tú, a Phaidí?

**Peadar:** Go maith. An ndeachaigh tú go dtí an cheolchoirm, a Úna?

**Úna:** Ní dheachaigh, a Phaidí. Cá raibh an cheolchoirm ar siúl?

**Peadar:** Bhí an cheolchoirm ar siúl in Óstán Uí Ghallchóir.

**Úna:** Cén banna ceoil a bhí ag seinm?

**Peadar:** Bhí Little Mix ag seinm.

**Úna:** Cé a chuaigh leat go dtí an cheolchoirm, a Phaidí?

**Peadar:** Chuaigh mé le mo chara, Pól.

**Úna:** Cén t-am a chríochnaigh an cheolchoirm?

**Peadar:** Chríochnaigh an cheolchoirm ar a deich a chlog.

**COMHRÁ 2**

**Mairéad:** Tar anseo, cá bhfuil tú ag dul, a Sheáin?

**Seán:** Tá mé ag dul go dtí an t- ionad siopadóireachta, a Mhairéad.

**Mairéad:** Cén fáth, a Sheáin?

**Seán:** Tá breithlá Áine ann Dé Máirt. Tá orm bronntanas a cheannach d'Áine.

**Mairéad:** Cén aois a bheidh Áine, Dé Máirt, a Sheáin?

**Seán:** Beidh sí naoi mbliana d'aois.

**Mairéad:** Cén bronntanas a cheannóidh tú d'Áine, a Sheáin?

**Seán:** Ceannóidh mé bróga nua di.

**Mairéad:** An mbeidh cóisir ag Áine?

**Seán:** Beidh. Tosóidh an chóisir ar a cúig a chlog, Dé Máirt.

**COMHRÁ 3**

**Caitríona:** Cá raibh tú ar do chuid laethanta saoire, a Phádraig.

**Pádraig:** Bhí mé ar laethanta saoire, i bPáras, a Chaitríona.

**Caitríona:** Conas a bhí an aimsir i bPáras, a Phádraig?

**Pádraig:** Bhí an aimsir go breá.

**Caitríona:** Cad iad na radhairc a chonaic tú i bPáras, a Phádraig?

**Pádraig:** Chonaic mé an Arc de Triumphe agus Túr Eiffel?

**Caitríona:** Cár fhan tú nuair a bhí tú i bPáras, a Phádraig?

**Pádraig:** D'fhan mé in árasán le mo chlann, a Chaitríona.

**Caitríona:** An raibh a lán áiseanna sa cheantar, a Phádraig

**Pádraig:** Bhí pictiúrlann, linn snámha agus leabharlann sa cheantar, a Chaitríona.

**COMHRÁ 4**

**Eoin:** An bhféachann tú ar an teilifís go minic, a Cháit?

**Cáit:** Féachaim ar an teilifís gach lá, a Eoin.

**Eoin:** Cad é an clár teilifíse is fearr leat, a Cháit?

**Cáit:** Na Simpsons, an clár teilifíse is fear liom.

**Eoin:** Cé hé an carachtar is fear leat, a Cháit?

**Cáit:** Homer Simpson an carachtar is fearr liom.

**Eoin:** Cén fáth, a Cháit?

**Cáit:** Tá Homer Simpson, an-ghreannmhar, a Eoin.

**Eoin:** Cén uair a bhíonn na Simpsons ar siúl, a Cháit?

**Cáit:** Gach lá ar leathuair tar éis a sé, a Eoin.

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.
2) Iarrthóirí a d'úsáid: scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

Luacháil chéimithe don iarrthóir a bhfuil Oiriúntas Réasúnta faofa dó:

Ceist 6

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ceist 7

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.

Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.

m.s. G (OR) = 1